# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

In 2022 chuaigh an staid eacnamaíoch dhomhanda in olcas. Ba mheasa fós na himthosca ba bhunús leis an gcéad iarraidh ón Moldóiv ar chúnamh macrairgeadais, a rinneadh in 2022. Déantar difear díreach agus indíreach don Mholdóiv le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cogadh a tháinig anuas ar an ngéarchéim fuinnimh atá os comhair na Moldóive ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2021 ann. Thairis sin, ó bhí tús an chogaidh ann, tá níos mó ná leathmhilliún duine tar éis teorainn na Moldóive a thrasnú, agus tá thart ar 90 000 duine fós sa tír. Chuir sé sin brú breise ar airgeadas poiblí na Moldóive. Dá bhrí sin, rinneadh an staid mhaicreacnamaíoch fhoriomlán a lagú go mór in 2022. Tar éis téarnamh suntasach i ndiaidh na paindéime in 2021, thit an fás go géar sa chéad 9 mí de 2022 agus tharla cúlú eacnamaíoch trom sa tír. Gan ach cosaintí teoranta chun an ghéarchéim a mhaolú, d'iarr an Mholdóiv tuilleadh cúnaimh ar chomhpháirtithe idirnáisiúnta. Mar sin, tá an cúnamh macrairgeadais méadaithe measta sin mar chuid de chúnamh AE agus idirnáisiúnta níos leithne don Mholdóiv.

D'iarr an Mholdóiv an oibríocht chúnaimh macrairgeadais atá ar siúl faoi láthair an 19 Samhain 2021. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an cúnamh macrairgeadais, ar mhéid EUR 150 milliún (in iasachtaí ar théarmaí lamháltais agus i ndeontais) an 6 Aibreán 2022 agus tháinig sé i bhfeidhm an 18 Iúil 2022. Tar éis na coinníollacha beartais a ghabhann leis an gcéad eisíocaíocht a chomhlíonadh, rinneadh í an 1 Lúnasa 2022. Faoin oibríocht sin atá ar siúl faoi láthair, tá EUR 100 milliún (in iasachtaí ar théarmaí lamháltais agus i ndeontais) fós ar fáil don Mholdóiv go dtí mí Eanáir 2025. Meastar go ndéanfar an dara eisíocaíocht sa chéad ráithe de 2023.

I gcomhréir le gnáthnósanna imeachta um chúnamh macrairgeadais, cuireadh an oibríocht ar fáil don Mholdóiv i gcomhar le socrú nua maidir leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), a glacadh i mí na Nollag 2021 agus a méadaíodh i mí na Bealtaine 2022. USD 795 mhilliún atá sa tacaíocht mhéadaithe ó CAI faoin gclár um Shaoráid Chreidmheasa Shínte / Saoráid Chiste Shínte.

D'ainneoin an cúnamh a thugtar don Mholdóiv faoi láthair, tá dúshláin mhóra fós ag baint leis an ngéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair agus le héifeachtaí an chogaidh san Úcráin. De réir na meastachán is déanaí ó CAI (mí na Nollag 2022), tá méadú EUR 430 milliún tagtha ar an mbearna fhoriomlán i maoiniú seachtrach na Moldóive le haghaidh 2023 (thart ar 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI)) i gcomparáid leis an gcéad athbhreithniú a rinne CAI ar an gclár (mí Mheán Fómhair 2022). Is bearna fhoriomlán thart ar EUR 803 mhilliún sa mhaoiniú í sin le haghaidh 2023 (5 % OTI). I bhfianaise an mhéid sin agus i gcomhréir le prionsabal chomhroinnt chothrom an ualaigh, tíolacann an Coimisiún togra chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle chun an cúnamh macrairgeadais atá á thabhairt don Mholdóiv a mhéadú faoi EUR 145 mhilliún, é sin comhdhéanta de EUR 100 milliún in iasachtaí agus EUR 45 mhilliún i ndeontais.

D'eisíocfaí an cúnamh macrairgeadais breise in dhá thráthchuid nua, tráthchodanna a bheadh ceangailte leis na nithe seo a leanas: (i) coinníollacht bheartais bhreise; (ii) dul chun cinn maith i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais agus an Limistéir Dhomhain Chuimsithigh Saorthrádála; agus (iii) teist dhearfach ar chur chun feidhme chlár CAI. Leis na coinníollacha beartais a ghabhann leis an dá thráthchuid nua, chuirfí leis na cinn a comhaontaíodh sa Mheabhrán Tuisceana maidir leis an gcúnamh macrairgeadais reatha. Leis sin, neartófaí béim an chláir agus d'áiritheofaí comhsheasmhacht le tosaíochtaí beartais idir an

tAontas agus an Mholdóiv agus le clár oibre rialtas na Moldóive. Tá an cúnamh breise i gcomhréir freisin leis an gcaidreamh neartaithe idir an tAontas agus an Mholdóiv faoi stádas na tíre is iarrthóir, a deonaíodh don Mholdóiv an 23 Meitheamh 2022.

Táthar ag súil go mbeidh cur chun feidhme na hoibríochta atá beartaithe ar aon dul leis an tacaíocht bhreise ón Aontas faoi oibríochtaí buiséadacha a mhaoinítear leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI).

De réir mar a shonraítear a thuilleadh sa doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an togra seo, chuir an Coimisiún an measúnú ar an staid pholaitiúil a rinne an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí san áireamh, agus tá sé den tuairim go gcomhlíontar na réamhchoinníollacha polaitiúla agus eacnamaíocha maidir leis an oibríocht chúnaimh macrairgeadais atá beartaithe.

- **Comhthéacs ginearálta**

Bhí tionchar mór diúltach ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar gheilleagar na Moldóive i measc comhthéacs domhanda atá ag éirí níos dúshlánaí. I mí Eanáir go mí Mheán Fómhair 2022, tháinig crapadh 4 % ar gheilleagar na Moldóive, rud a léiríonn cúlú eacnamaíoch trom le haghaidh na bliana ar an iomlán. Spreagadh an crapadh den chuid is mó le titim i dtomhaltas na dteaghlach agus in infheistíocht na dteaghlach. Ó thaobh an táirgthe de, bhí tionchar an-diúltach ag an talmhaíocht ar an bhfás, tar éis triomaigh i samhradh 2022. An ghéarchéim fuinnimh, a bhí ní ba dhéine in 2022, chuir sí brú breise ar airgeadas poiblí na Moldóive. Ba é an t-ardú géar ar phraghsanna fuinnimh ba chúis leis an mboilsciú ard agus ba chúis leis an ngá le tuilleadh caiteachais ar fhóirdheontais i gcomhair na gcustaiméirí is leochailí.

In 2023 níl cuma mhaith ar chúrsaí na Moldóive go fóill. Beidh tuilleadh tionchair ar an tír ag ionsaithe méadaitheacha na Rúise ar an Úcráin agus ag an moilliú eacnamaíoch ar fud an Aontais (atá ina phríomh-chomhpháirtí trádála de chuid na Moldóive). De réir réamhaisnéis CAI (mí na Samhna 2022), in 2023, meastar nach dtiocfaidh méadú ar an bhfás ach ar bhealach measartha, go 1,5 %, agus nach rachaidh sé ar ais chuig na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim ach in 2024-2025.

In 2023 tá laghdú suntasach le teacht ar an mboilsciú, ach fanfaidh sé sna digití dúbailte, ag 13,7 % ar an meán, i gcomparáid le 28,5 % in 2022. Ba é an t-ardú ar phraghsanna fuinnimh agus bia ba chúis leis an mboilsciú ard in 2022, a raibh buaicphointe 34 % ann i mí Dheireadh Fómhair. Mar fhreagairt ar an mbrú láidir boilscitheach, d’ardaigh an banc ceannais an príomhráta úis trí huaire anuraidh (le 9 bpointe céatadáin charnacha), go 21,5 %. Faoi dheireadh na bliana, thosaigh an boilsciú ag maolú, ach go measartha (go 31 % i mí na Samhna), rud a spreag coigeartú beag anuas ar an mbonnráta go 20 %.

Tá an t-easnamh sa bhuiséad le bheith leathan fós in 2023, ag 6 % de OTI, i gcomparáid le 4,2 % de OTI in 2022. Beidh an-chuid den leathnú mar gheall ar chaiteachas níos airde ar na custaiméirí is leochailí mar thoradh ar an ardú ar tharaifí fuinnimh, agus mar gheall ar roinnt méaduithe ar thuarastail phoiblí a mheastar a bheith riachtanach i bhfianaise an bhoilscithe atá as cuimse. Tá cóimheas fiachais-OTI na Moldóive íseal i gcomparáid leis an gcuid is mó dá piaraí réigiúnacha, ach tá méadú le teacht air go 38 % in 2023, i gcoinne 36 % de OTI ag deireadh 2022. Chuir creidiúnaithe iltaobhacha síneadh le thart ar 95 % d’fhiachas poiblí seachtrach na Moldóive ar théarmaí lamháltais. Mar sin féin, mar gheall ar a íogaire atá an tír i leith suaití, rinne CAI a rátáil maidir le riosca na Moldóive i leith anacair fiachais a athbhreithniú ó leibhéal riosca íseal go leibhéal meánriosca.

Ón taobh seachtrach de, tá an t-easnamh sa chuntas reatha fós ard, ag 13,7 % de OTI sa tríú ráithe de 2022, agus tá sé le fanacht ar leibhéil inchomparáide in 2023, ag 11,8 % de OTI. Spreagtar é sin den chuid is mó le comhardú mór diúltach trádála, ag thart ar 32 % de OTI sa tríú ráithe de 2022. Ag 14,2 % de OTI, áfach, d'fhan íocaíochtaí cobhsaí den chuid is mó, d'ainneoin roinnt réamh-mheastachán tosaigh lena léiríodh go dtiocfadh titim shuntasach ar aistrithe ó thíortha eile, go háirithe an Rúis agus Comhlathas na Stát Neamhspleách. Bhí glan-infheistíocht dhíreach eachtrach athléimneach go leor sa chéad leath de 2022 (de bharr ardtuilleamh athinfheistithe cuideachtaí den chuid is mó). De dheasca na héiginnteachta atá ann mar gheall ar an gcogadh, áfach, meastar i réamhaisnéis CAI (mí na Samhna 2022) go dtiocfaidh laghdú géar uirthi, síos go 0,4 % de OTI le haghaidh 2022 ar an iomlán.

Ó bhí tús ionradh na Rúise ar an Úcráin ann, tá cúlchistí airgeadra eachtraigh na Moldóive an-luaineach, rud a spreag idirghabhálacha móra ón mbanc ceannais. Ar dtús, tháinig laghdú suntasach ar chúlchistí airgeadra eachtraigh na Moldóive ó USD 3,9 billiún ag deireadh 2021 (lena gcumhdaítear 5,5 mí d'allmhairí) go ciste de USD 3,3 billiún (lena gcumhdaítear 4,5 mí d'allmhairí) i mí Aibreáin 2022. Aistarraingt thapa taiscí bainc ba chúis leis sin den chuid is mó. Dímheasadh leu na Moldóive i gcoinne dhollar na Stát Aontaithe le thart ar 7 % sa chéad leath de 2022. Cé gur athbhunaíodh leibhéil na gcúlchistí faoi dheireadh 2022, tá rioscaí fós ar an taobh thíos, rud a bhaineann den chuid is mó leis an gcogadh atá ar siúl san Úcráin. Tuarann an banc ceannais go dtiocfaidh laghdú ar chúlchistí ag tús 2023, mar gheall, i bpáirt, ar théarnamh eacnamaíoch éadrom agus ar éileamh níos airde ar allmhairí, agus go mbeidh luaineacht bhreise sa mhargadh malairte eachtraí.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis an méadú atá beartaithe ar chúnamh macrairgeadais, thacófaí leis na hacmhainní a leithdháiltear ar an Moldóiv faoin oibríocht atá ann cheana a ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle an 6 Aibreán 2022 faoi Chinneadh (AE) 2022/563 maidir le cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil don Mholdóiv ar mhéid EUR 150 milliún in iasachtaí agus i ndeontais. Leis na coinníollacha breise a ghabhann leis an méid méadaithe, chuirfí leis na tosaíochtaí athchóirithe a léirítear sa Meabhrán Tuisceana atá ann cheana, lena gcoinnítear an bhéim ar rialachas airgeadais phoiblí, an smacht reachta, an comhrac i gcoinne an éillithe, na cúinsí gnó a fheabhsú, agus tuilleadh athchóirithe in earnáil an fhuinnimh a chur chun cinn.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

D'fhorbair an tAontas agus an Mholdóiv dlúthchaidreamh polaitiúil eacnamaíoch thar na blianta, agus dá bhrí sin tugadh an Comhaontú Comhlachais i gcrích (lena n-áirítear an limistéar domhain cuimsitheach saorthrádála), a síníodh an 27 Meitheamh 2014 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2016. I gClár Oibre Comhlachais idir an tAontas agus an Mholdóiv, leagtar amach liosta na dtosaíochtaí le haghaidh obair chomhpháirteach. Glacadh Clár Oibre Comhlachais nuashonraithe le haghaidh 2021-2027 an 22 Lúnasa 2022.

Tar éis iarratas a fháil ón Moldóiv an 3 Márta 2022, dheonaigh an tAontas stádas tír is iarrthóir don Mholdóiv an 23 Meitheamh 2022 ar an tuiscint go ndéanfaidh an tír roinnt beart, go háirithe i réimsí an smachta reachta, an athchóirithe ar earnáil an cheartais, an chomhraic i gcoinne an éillithe, agus na gceart bunúsach.

Tá naisc eacnamaíocha na Moldóive leis an Aontas Eorpach forbartha go maith freisin. Leanann an tAontas de bheith mar an comhpháirtí trádála is mó atá ag an Moldóiv, lenar bhain 50 % de thrádáil iomlán na Moldóive in 2021 (thart ar 61 % d'onnmhairí iomlána agus 44 % d'allmhairí iomlána).

